An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Foirm Iarratais Rochtana ó Dhuine is Ábhar do Shonraí

Iarratas le Teacht ar Shonraí Pearsanta faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018.

Comhlánaigh gach cuid.

Cuid 1 – Sonraí Duine is Ábhar do na Sonraí (duine atá ag déanamh an iarratais)

Sonraí Teagmhála (i gceannlitreacha)**:**

Ainm Iomlán:
_____

Seoladh: _____

Uimhir Teileafóin Teagmhála: _____

Seoladh Ríomhphoist (i gcás gurb infheidhme): _____

Cuid 2 – Mionsonraí an Iarratais

Ba cheart d'iarrthóirí aon mhionsonraí a chur isteach a chuideoidh leis an eagraíocht na sonraí pearsanta dá c(h)uid a lonnú. Mar shampla, luaigh an rannán/na rannáin laistigh den Roinn lena mbaineann na sonraí:

_____

Soláthair aon uimhreacha tagartha a bhaineann le do theagmháil leis an Roinn:

_____

Leag amach mionsonraí na sonraí atá á lorg:

_____

_____

_____

_____

Cuid 3 – Aitheantas a Fhíorú

Sa chaoi go bhfíoróimid d'aitheantas, soláthair cóip d'aitheantas grianghraif (Cárta Seirbhísí Poiblí/pas/ Ceadúnas Tiomána nó Foghlaimeora Éireannach) agus cruthúnas faoin seoladh baile i bhfoirm cóipe de Bhille Fóntais, ráiteas bainc, nó de chomh-fhreagras oifigiúil amhail a leithéid ó na Coimisinéirí Ioncaim, nó Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimircí Sóisialaí.

Tabhar do d'aire nach beidh an Roinn in ann tosú ar d'iarratas a phróiseáil, nó aon fhaisnéis a sholáthar duit faoi do chuid sonraí pearsanta, mura mbíonn an Roinn iomlán sásta maidir le d'aitheantas. Is amhlaidh seo lena chinntiú nach nochtfar sonraí pearsanta don duine mícheart de thimpiste.

Cuid 4 - Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil na mionsonraí ar fad atá soláthraithe agam san fhoirm seo fíor agus iomlán chomh fada agus is eol dom.

Síniú an Iarratasóra _____

Dáta _____

Seol an fhoirm chomhlánaithe ar an bpost chuig:
Aonad Cosanta Sonraí,
Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta,
Bóthar an Bhaile Nua,
Loch Garman,
Y35 AP90

Nó ar rphost chuig
data.protection@housing.gov.ie

Seicliosta

An bhfuil seo déanta agat:

1. An Fhoirm Iarratais Rochtana ó Dhuine is Ábhar do Shonraí comhlánaithe go hiomlán agat - TÁ/NÍL

2. An Dearbhú ar an bhFoirm thuasluaithe sínithe agus dátaithe agat - TÁ/NÍL

3. Aitheantas le grianghraf curtha isteach - TÁ/NÍL

4. Cóip de bhille fóntais nó litir Rialtais a eisíodh le déanaí curtha isteach - TÁ/NÍL

Iarratais Rochtana ó Dhaoine is Ábhar do Shonraí

RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS

Tá rún daingean ag an Roinn do phríobháideachas a chosaint agus meas a léiriú air, agus úsáideann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid faisnéise a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Úsáidfidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta arna soláthar ar an bhfoirm seo chun cabhrú leat do chearta a fheidhmiú faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche eile ach amháin an cuspóir dá bailíodh chuige iad. Féadfar sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna eile Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí faoi scáth na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe i gcás go bhfuil forálacha le haghaidh a leithéid ann faoin dlí. Ní choinneoidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta ach chomh fada agus atá riachtanach chun na gcríoch dá bailíodh chuige agus dá próiseáladh ina dhiaidh sin iad. Nuair nach mbíonn na sonraí pearsanta a bhailímid riachtanach a thuilleadh, scriosaimid nó bainimid amach iad ar mhodh slán. Tá beartas Cosanta Sonraí na Roinne, lena leagtar amach conas a úsáidfimid do chuid sonraí pearsanta, ar fáil ag www.housing.gov.ie chomh maith le faisnéis maidir le do chearta mar dhuine is ábhar do shonraí. Tá cruachóipeanna den bheartas ar fáil freisin ach a iarraidh.

Tuilleadh faisnéise ar Cosaint Sonraí:

- Suíomh idirlín an Coimisiún um Chosaint Sonraí – www.dataprotection.ie nó
- Téigh i dteagmháil le an Coimisiún um Chosaint Sonraí ar an bhfón ar Teil. 1890 252231 nó ar rphost info@dataprotection.ie.